

# Polasaí um Usáid Substaintí i Scoil Lorcáin

## Réimse

Baineann an polasaí seo le pobal uile na scoile, daltaí, múinteoirí, tuismitheoirí, fostaithe agus aon duine eile a mbíonn baint acu leis an scoil. Baineann sé le gníomhachaíochtaí uile na scoile, bíodh siad ar siúl i rith am scoile nó lasmuigh de.

## Aidhmeanna na Scoile

Is scoil lán-Ghaelach í Scoil Lorcáin faoi phátrúnacht Ardeaspag Chaitligeach Bhaile Átha Cliath. “Beidh béim i gcónaí ar fhorbairt an pháiste le linn a t(h)réimhse sa scoil. Beidh béim, freisin, ar dhea-iompar ar scoil agus beifear ag súil le caighdeán ard ó na daltaí le go mbeidh daltaí, foireann agus teaghlaigh na scoile in ann taitneamh agus tairbhe a bhaint as a dtraithí sa scoil. Ní féidir leis an scoil ardchaighdeán iompair a bhaint amach gan chomhoibriú agus tacáiocht na dtuismitheoirí.” (Cód I agus A). Táimid tiomanta d’fhorbairt iomlán na ndaltaí agus do leas gach ball de phobal na scoile. Is mian linn timpeallacht shlán shábháilte don fhoghlaím a chur ar fáil.

## Réasúnaíocht

Tá gá leis an bPolasaí seo mar:

Go bfuil dúshláin i saol an lae inniu do gach duine agus do dhaoine óga go speisialta maidir le halcól, tobac agus drugaí eile.

Go bhfuil dualgas orainn tacú leis na tuismitheoirí mar phríomhoideachasóirí a bpáistí i bhforbairt shóisialta, phearsanta agus shláinte gach dalta a chumasú

Go bhfuil ceangal dlithiúil orainn an Polasaí a bheith againn.

## Cuspóirí

Is í an chuspóir a bhaineann leis an bpolasai seo ná aire agus cosaint a thabhairt do phobal uile na scoile maidir le húsáid substaintí. Chuige seo is fearr cur chuige aontaithe chun déileáil le gach gné den cheist seo.

## Sainmhíniú

Glacaimid leis gur druga é “ceimiceán ar bith a athraíonn an chaoi a n-oibríonn an corp agus conas mar a ionpraíonn an duine é féin mar aon lena chuid mothúchán” (lth 6 Treoirlínte).

## Róil agus Freagrachtaí

Chinn an Bord Bainistíochta ar an bPolasaí seo a chur le chéile Meán Fómhair 2008. Ainmníodh múinteoir Caitríona Nic Iomhair, tuismitheoir Brian Ó Baoill ó Coiste na dTuismitheoirí agus an Príomhoide Colmán Ó Drisceoil ar fhochoiste chun dréachpholasáí a ullmhú. Cuireadh an dréacht pholasáí le chéile bunaithe ar Treoirlínte faoi Bheartas um Úsáid Substaintí sa scoil a forbairt ROE 2002. Cuireadh an dréachpholasáí os comhair an Bhord Bainistíochta Samhain 2008. Cuireadh dréachpholasáí an Bhoird faoi bhráid phobal na scoile Samhain/Nollaig 2008 trí chóipeanna a cur faoi bhráid na múineoirí, Choiste na dTuismitheoirí agus trína lua sa Nuachtlitir go raibh cóipeanna den dréachpholasáí ar fail san oifig agus go raibh fáilte roimh aon bhall de phobal na scoile aiseolas a thabhairt. Ghlac an Bord leis an bPolasaí go foirméálta Eanáir 2009. Ainmneoidh an Bord fochoiste i 2012 chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bPolasaí seo.

### **Oideachas maidir le húsáid substaintí**

Tá sé i gceist againn oideachas maidir le substaintí a chur ar fáil de réir na dtreoirlínte thíos. Bainfidh an t-oideachas seo le OSPS go príomha ach beidh baint aige le hábhair eile, ina measc, Teagasc Creidimh agus Corpoideachas agus le hatmaisféar ginearálta na scoile. Is iad na míreanna is lárnaí san OSPS ná

Fan Slán, Naónáin Shóisireacha, N Shinsireacha, Rang 1, 3 agus 5  
Misneach  
O.C.G.

### **Aontaímíd na prionsabail seo:**

Is ag an múinteoir ranga atá an príomh-ról.  
Is féidir le cuairteoirí cur le hobair an mhúinteoir ranga.  
Is fearr go mbeadh an t-oideachas leanúnach, bíseach  
Níl sé oiriúnach tabhairt faoi eagla a chur ar pháistí  
Ba cheart go mbeadh an t-eolas oiriúnach ó thaobh aoise, forbartha agus toscaí eile  
Caithfimid a bheith réalaíoch faoin méid is féidir linn a bhaint amach  
Is gá na daltaí a oiliúint le déileáil go criticiúil le tionchar na meán ina saol  
Coimeadfar tuismitheoirí ar an eolas faoi chur chuige na scoile i Nuachtlitir na scoile.  
Tá dualgas ar thuismitheorí an scoil a choimeád ar an eolas, chomh maith.

### **Alcól, tobac agus drugaí mí-dhleathacha**

Ní ghlacann an scoil le seilbh, úsáid ná soláthar drugaí ag aon imeacht scoile, laistigh nó lasmuigh de na huaireanta oifigiúla. ( Is eisceacht Cóir Leighis ceadaithe a ndéileáltar leis faoi Pholasaí Chóir Leighis Scoil Lorcáin.)

Is ceadmhach alcól a bheith ar fáil sa scoil go réasúnta ag ócáidí a cheadaíonn an Bord Bainistíochta. Níl cead tobac a chaithearnaí laistigh de áitreabh na scoile ag aon am. Tá an clós agus an Gairdín scoile i gceist leis an gcosc seo.

### **Bainistíocht ar eachtraí a bhaineann le halcól, tobac agus drugaí**

Gníomhóidh an scoil de réir na dtreoirlínte nuair a tharlaíonn eachtra. Déanfaimid iarracht cothromaíocht a fháil idir freagairt smachta agus tréadach agus idir riachtanaisí an duine aonair agus phobal na scoile. Nuair a tharlaíonn eachtra nó líomhaintí éisteoimí, labhróimí, coimeádfaimid cuntas, déanfaimid iarracht idirdhealú idir fíric agus ráfla agus tabharfaimid gach tacaíocht réasúnta do na daoine atá gafa leis an eachtra.

Tá an scoil sásta glacadh le heolas faoi pháiste ó dhaoine nach iad tuismitheoirí an pháiste. Mar sin féin, ní phléifear ach a p(h)áiste féin le haon tuismitheoir.

B'fhéidir go ndéanfaí teagmháil le gníomhaire seachtrach a thugann tacaíocht i gcásanna mar seo, m.sh An Feidhmeanas Sláinte.

B'fhéidir go mbeidh comhairle dlí le lorg. Déanfaidh an Bord cinneadh faoi seo.

I gcás go bhfuil amhras go bhfuil dalta faoi thionchar drugaí, cuirfear in iul don Phríomhoide láithreach. Imeoidh an Príomhoide i dteagmháil leis na tuismitheoirí láithreach, agus leis na seirbhísí cuí sláinte, más gá, m.sh. Oibrí Sóisialta, dochtuír.

I gcás go dtugann dalta ábhar mí-dhleathach ar scoil cuirfear in iúl do na tuismitheoirí agus do na Gardai..

I gcás go dtugann dalta tobac nó alcól chuig an scoil bainfear den dalta iad agus cuirfear in iúl don na tuismitheoirí é. Déileálfar leis an dalta faoi Chód Iompair na Scoile.

I gcás go dtugann dalta ar scoil le boladh tobac ar a (h)éadaí cuirfear fios ar na tuismitheoirí chun é/í a thabhairt abhaile. Ní scaoilfear isteach ina rang é/í.

I gcás go dtugann dalta ar scoil agus an chuma air/uirthi a bheith faoi thionchar dhrugaí/alcóil cuirfear fios ar na tuismitheoirí láithreach chun é/í a thabhairt abhaile. Cuirfear tuairisc chuig an Oibrí Sóisialta.

I gcás go bhfuil amhras go bhfuil dalta ag cur drugaí, alcól nó tobac ar fáil do dhaltaí eile cuirfear in iúl é do na Gardai, tuismitheoirí agus d'Oibrí Sóisialta.

Déanfaidh an Príomhoide cinneadh i gcomhar leis na múinteoirí eile atá bainteach le haon eachtra an gá tuairisc a chur ar aghaidh chuig an mBord Bainistíochta.

### **Eachtra le páiste**

Bainfear an ceimiceán den pháiste, más ann dó.

Cuirfear in iúl don Phríomhoide láithreach.

Éisteofar, faoi dhíscréid, leis an bpáiste agus aon duine eile a bhfuil eolas acu. Coimeádfar cuntas scríofa ar eolas cuí.

Déanfar teagmháil leis na tuismitheoirí/caomhnóirí (nó leis an bhFeidhmeanas Sláinte i gcás bhuairt faoi shábháltacht pháiste)

Leanfar prionsabail dea-chleachtais atá leagtha amach i bPolasaí Chaomhnú Pháistí Scoil Lorcáin.

Cuirfidh an Príomhoide in iúl do na Gardai/bhFeidhmeannas Sláinte má cheaptar gur druga mí-dhleathach a bhí i gceist.

Is féidir go ndéileálfai le páistí faoi Chód Iompair agus Araíonacha Scoil Lorcáin í gcás eachtra. Déanfar iarracht toscaí iomlán na heachtra a thíosaí san áireamh nuair atá sé seo i gceist.

Cuirfear na daoine a bhfuil gá acu leis an eolas, i. iad siúd a bhíonn ag déileáil leis an bpáiste, ar an eolas.

Ní ceart an t-eolas a scaipeadh níos leithne ná mar is gá. Tá gá le díscréid agus goilliuúnacht.

Déanfar gach iarracht na tuismitheoirí a bheith páirteach i ndéileáil leis an bhfadhb.

### **Eachtra le tuismitheoirí/duine fásta faoi thionchar**

Is é leas na bpáistí sa scoil ár bpríomhchúram.

Beidh an scoil ag súil nach dtiocfaidh aon tuismitheoir chuir an scoil faoi thionchar alcóil nó drugaí. Má tharlaíonn sé seo iarrfaidh an príomhoide ar an duine sin an scoil a fhágaint. Beidh sé de chead ag an bPríomhoide nó aon bhall fairne céimeanna a thógaint chun iad féin nó na páistí a chosaint, m.sh. glaoch ar na Gardaí

Má tá amhras orainn go bhfuil tuismitheoirí atá ag bailiú páiste faoi thionchar dhruaí déanfaimid iarracht an baol don pháiste a laghdú a mhéid is is féidir. Caithfear breithniúnas a dhéanamh i ngach cás mar go bhfuil an méid sin athróig i gceist. Ba cheart an príomhoide a bheith páirteach in aon chinneadh má tá am fios a chur air. I measc na gcéimeanna a fhéadfaí a thógaint tá;

Gan an páiste a scaoileadh leis an tuismitheoir

Labhairt leis an tuismitheoir, cabhair a thairscint, cupán tae a ofráil

Teagmháil le tuiste/caomhnóir eile an pháiste agus iad a chur ar an eolas

Teagmháil le duine fásta atá cairdiúil leis an tuismitheoir chun labhairt leo agus seiceáil ar an bpáiste Síob abhaile a thairscint/lorg dóibh le duine éigin eile agus tairscint an gluaisteán a pháirceáil sa scoil Má mheasaimid páistí a bheith i mbaol leanfar treoirlínte Pholasaí Chaomhnú Pháistí Scoil Lorcáin agus Treoirlínte Children First a bhfuil glactha ag an scoil leo.

### **Eachtra le tuimitheoir/duine fásta i seilbh**

Má tá amhras nó eolas ag aon duine ba cheart labhairt leis an bPríomhoide. Déanfar tagairt do Pholasaí um Chaomhnú Páistí Scoil Lorcáin. Déanfar cinneadh ansin an ceart na Gardaí/an Feidhmeannas Sláinte a chur ar an eolas. Coimeádfar tuairisc scríofa ar an eachtra.

### **Eachtra le ball foirne**

Déileálfar le haon eachtra le ball foirne i rith an lá scoile nó agus é/í i bhfeighil daltaí lasmuigh d'am scoile faoin gCóras Aontaithe Smachta. Má mheastar ball foirne a bheith faoi thionchar alcóil nó drugaí ní fhágfar páistí faoi chúram an duine sin. Tabharfar tuairisc don Bhord Bainistíochta agus déileálfar leis mar eachtra thromchúiseach mhí-iompair.

### **Rúndacht**

Ní féidir le múinteoir rúndacht ionlán a gheallúint do dhuine óg a sceitheann eolas faoi dhruaí.

Mineofar é seo don pháiste. Coimeádfar an páiste ar an eolas ar bhealach oiriúnach dá aois.

### **Na Meáin**

Is é an Príomhoide agus an Cathaoirleach atá údaraithe le labhairt thar cheann na scoile munna n-údáraíonn an Bord duine eile. Ní phléífeart aon chás ar leith ach déanfar tagairt do Pholasaí na scoile.

### **Soláthar le haghaidh oiliúna agus forbairt foirne**

Déanfar cinnte go bhfuil gach ball foirne eolach ar an bPolasaí seo

Cuirfear an t-ábhar seo ar chlár Chruinníú Foirne uair sa bliain.

Déanfaimid oiliúint a chur ar fail do mhúinteoirí do mhúineadh OSPS, agus ar chomharthai agus tionchar dhruaí.

Cuirfidh an scoil tacáiocht ar fail do mhúinteoirí uas-sciliú do gharchabhair.

Lorgófar moltaí ón bhfoireann madir le oiliúint.

### **Monatóireacht agus meastóireacht**

Déanfaidh Caitríona Nic Íomhair monatóireacht leanúnach ar an bPolasaí sna trí réimsí atá luaite. Pléifear moltaí maidir le forbairt an pholasaí leis an bPriomhoide. Cuirfear moltaí os comhair na bpáirtithe léasmhara chun an polasaí a fhorbairt sula nglacann an Bord Bainistíochta leo.

### **Athbhreithniú**

Cuirfidh an Bord Bainistíochta fochoiste ar bun Eanáir 2012 chun athbhreithniú a dhéanamh.

### **Scaipeadh**

Cuirfear cóip den pholasaí chuig gach ball fairne agus den Bord Bainistíochta. Cuirfear cóipeanna ar fail in Oifig na Scoile do thuismitheoirí eile agus fógra sa Nuachtltir faoi sin. Cuirfear ar an Suíomh Idirlín é.

### **Critéir Ráthúlachta**

Is faoi na múinteoirí a bheidh sé rathúlacht an oideachais a chuirimid ar na páistí a mheas go leanúnach, agus aischothú thuismitheoirí mar chuid de sin.

Glacaimid leis gur i bhfeidhmiú an pholasaí seo a dhéanfar a ráthúlacht a mheas.

Glactha ag an mBord Bainistíochta Feabhra 2009

## ***Substance Use and Abuse Policy***

*This policy applies to the whole school community, pupils, teachers, parents, employees and anyone else involved with the school. It applies to all school activities, be they within or without the official school day.*

### ***Aims of the school***

*We are an All-Irish school under the patronage of the Catholic Archbishop of Dublin.*

*We are dedicated to the full development of the children and to the welfare of all members of the school community. We wish to provide a safe and secure environment for learning.*

### ***Reasoning***

*This Policy is needed because*

*There are challenges in today's world for all, the young especially, with regard to alcohol, nicotine and other drugs.*

*We have a duty to support the parents in their role as the primary educators of their children to enable the personal, social and health development of each child.*

*We have a legal obligation to have such a policy.*

### ***Objective***

*The objective is to protect the whole school community with regard to substance use. An agreed procedure is the best way of dealing with all aspects of this issue.*

## **Definition**

*A drug is any chemical which alters how the body works, or how the person behaves or feels. (p6 Guidelines).*

## **Roles and Responsibilities**

*The BOM decided to formulate this Policy September 2008. Caitríona Nic Íomhair, Brian Ó Baoill and Colmán O Drisceoil were named on a subcommittee to draw up a draft. The draft was prepared based on Guidelines issued by DES 2002. The draft was presented to the BOM November 2008. The draft was then issued to the school community with copies being given to all teachers, members of Coiste na dTuismitheoirí and a notice published in the Nuachtlitir making copies available and inviting responses. The BOM formally accepted the Policy in January 2009. The BOM will nominate a subcommittee to revise the policy in 2012.*

## **Education concerning Substance Abuse**

*Is is our intention to provide education with regard to substances according to the guidelines below. This education will be encapsulated in SPHE especially, but will range in to other subjects, eg. Religious Education and Physical Education and also the general atmosphere of the school. The most central aspects of SPHE are:*

*Fan Slán/Stay Safe*

*Misneach/Walk Tall*

*OCG/RSE*

## **We agree these principals**

*The class teacher has the main role*

*Visitors may reinforce the work of the teacher*

*It is better for the education to be continuous and spiral in nature*

*It is not suitable to seek to frighten children*

*Information used should be appropriate from age, developmental and other factors*

*We must be realistic about what is achievable*

*Children must be educated to deal critically with the role of media in their lives*

*Parents will be kept informed about our approach in the Nuachtlitir*

*Parents also have a responsibility to keep the school informed appropriately*

## **Alcohol, nicotine and illegal drugs**

*The school does not accept the possession, use or supply of drugs at any school event, within or without the official school day. (Medicine which is dealt with under the schools Medicine Policy excepted).*

*Alcohol may be reasonably available at events which are sanctioned by the Board of Management.*

*Tobacco may not be smoked on the school property at any time. The yard and school garden are covered by this ban.*

## **Management of alcohol, tobacco and drug-related incidents**

*The school will act according to the guidelines when an incident occurs. We will try to balance discipline and pastoral care and the needs of the individual against those of the school community. When an*

*incident or alleged incident occurs we will listen, talk, keep an account, try to discern between fact and rumour and we will give every reasonable support to those involved.*

*The school is willing to accept information about children from those who are not the child's parents/guardians. However, only their own child will be discussed with any parent.*

*An outside agency which offers support may be contacted, eg. Health Service Executive.*

*Legal Advice may be sought. The Board will decide this.*

*Where there is suspicion that a pupil is under the influence of drugs, the Principal will be informed immediately. The Principal will inform the parents immediately, and the appropriate health services where necessary, eg. Social Worker, Doctor.*

*Where a pupil brings an illegal substance to school the parents and the Gardai will be informed.*

*Where a pupil brings alcohol or tobacco to school they will be removed from the pupil and the parents informed. The pupil will be dealt with under the Code of Discipline.*

*Where a child comes to school with an odour of tobacco from their clothes the parents will be contacted to bring him/her home. He/she will not be allowed in to class.*

*Where a child comes to school and appears to be under the influence of alcohol/drugs the parents will be contacted immediately to bring him home. A report will be sent to the social worker.*

*Where it is suspected that a child is making alcohol, drugs or tobacco available to other pupils the Gardai, parents and social workers will be informed.*

*The principal will decide – in conjunction with any other teachers involved in an incident – whether it is necessary to report the matter to the Board of Management.*

### ***Incident with a child.***

*The chemical will be removed.*

*The principal will be informed immediately.*

*The child – and any other person with information – will be listened to discretely. A written account will be kept of any relevant information.*

*Parents will be informed (or the Health Executive where there is worry about the child's safety.)*

*The principles of Good Practise laid down in the schools Child Protection Policy will be followed.*

*The Principal will inform the Gardai/Health Executive if it is suspected that illegal drugs were involved.*

*A child may be dealt with under the Code of Behaviour regarding an incident. All aspects of the incident will be taken in to account when this is being done.*

*Those who need to know will be informed, ie those dealing with the child.*

*Information should not be passed on unnecessarily. Discretion and sensitivity are called for.*

*All reasonable efforts will be made to involve the parents in dealing with a problem.*

### ***Incident with parent/adult under the influence***

*The welfare of the child is our main concern.*

*The school hopes that no parent will come to school under the influence of drugs or alcohol. If it happens the principal will ask that person to leave the school. The Principal, or any other member of staff, may take steps to protect pupils, themselves or anyone else, eg call the Gardai.*

*If we suspect that a parent/adult who is collecting a child is under the influence we will try to reduce the danger to that child. Suggested interventions include:*

*Not letting the child go with the parent.*

*Talk to the parent, offer a cup of tea, offer help  
Contact the child's other parent and inform him/her  
Contact another adult who is friendly with the parent and ask them to talk to him/her, check him  
Offer a lift home and offer to park their car in school grounds.  
If we believe a child to be in danger we will follow our Child Protection Guidelines.*

***Incident involving a parent/adult in possession***

*If any one has information or suspicions the principal should be informed. Our Child Protection Guidelines will be referred to. A decision will be made whether or not to inform the HE/Gardai. A written account will be kept.*

***Incident with member of staff***

*Any incident with a staff member within or without the school day will be dealt with under the Agreed Disciplinary Procedures. If a staff member is thought to be under the influence of drugs or alcohol children will not be left in their care. The matter will be reported to the Board of Management and will be dealt with as a serious disciplinary issue.*

***Secrecy***

*A teacher may not promise complete secrecy to a child who relates information about drugs. This will be explained to the child. The child will be kept informed, relative to their age.*

***Media***

*Only the Chairperson and the Principal are authorised to speak on behalf of the school, unless the Board authorised someone else. No particular case will be discussed but reference will be made to the school policy.*

***Staff Development and Training***

*All staff members will be aware of this policy.*

*This subject will be on the Agenda for a staff meeting once a year.*

*We will make training available for teachers for HPSE and on the signs and symptoms of drugs.*

*The school will support teachers in upgrading their First Aid skills.*

*Suggestions for training will be sought from the staff.*

***Monitoring and evaluation***

*Caitríona Nic Íomhair will take responsibility for ongoing evaluation. Suggestions for developing the policy will be discussed with the Principal. Any suggestions will be presented to the interested parties before the Board decides on them.*

***Revision***

*The Board will set up a subcommittee to revise the policy in 2012.*

***Circulation***

*Each staff member and Board of Management member will be given a copy. Copies will be available in Oifig Rós and alluded to in Nuachtlitir Scoil Lorcáin. It will be published on the website.*

***Success Criteria***

*The teachers will continuously assess the education we provide for the children using various fonts of information including feedback from parents.*

*We accept that it is in its operation dealing with incidents that its success will be measured in that respect.*

Feabhra 2009